

Fuinneamh sa Bhaile

Ríomhaire Fearais

Leid Fuinnimh

Buaigh turas ar an tSionainn

Mean-Fómhair/Deireadh-Fómhair 2007



ESB CS BINS 0015

Tá caomhnú fuinnimh ina steillbheatha.



Customer Supply

www.esb.ie/appliancecalculator

Tá caomhnú fuinnimh ina steillbheatha

Is cinnte go bhfuil athrú aeráide ar cheann de na hábhair inmí is mó dá bhfuil ann sa lá atá inniu ann. D'fhéadfaimis ach a bheith níos ciallmhaire le húsáid fuinnimh cuidiú le laghdú na hastaíochta CO₂ a chuireann leis an bhfadhb. Le seo ar intinn againn, ceapadh an t-eagrán seo d'Fhuinneamh sa Bhaile mar threoir thagartha atá éasca a leanacht agus a thaispeáineann conas mar a d'fhéadfá leictreachas a úsáid níos éifeachtaí sa bhaile.

Ní gá gur ionann Caomhnú Fuinnimh go mbeadh ar dhuine íobairtí a dhéanamh. D'fhéadfá, ach fearais leictreacha a úsáid ar bhealaí éagsúla, leanacht de bheith ag fáil na mbuntáistí céanna ach ag úsáid níos lú fuinnimh ag an am céanna freisin.

Tá Soláthar Custaiméara BSL meáite chun cuidiú leat fuinneamh a chaomhnú. Anuraidh chabhraíomar le custaiméirí a n-astaíochtaí carbóin a laghdú 241,920 tonna (is ionann tonna CO₂ agus 7,100km ingluaisteán teaghlaigh). Sin €6.4 Milliún nach mór de shábháil fuinnimh, rud a chruthaíonn go bhfuil buntáiste airgid ag gabháil le caomhnú freisin.

B'fhéidir gur mhaith leat an duilleoigín seo a choinneáil le bealaí éasca a bhféadfá fuinneamh a chaomhnú, a mheabhrú duit.



Ríomhaire Fearais

D'fhéadfá trí athruithe beaga a dhéanamh ar an mbealach a n-úsáideann tú leictreachas difríocht a dhéanamh do do chostais leictreachais in imeacht ama. Téigh chuig



www.esb.ie/appliancecalculator áit a bhféadfaidh tú an costas a bhaineann le húsáid fearais leictreacha agus soilse do bhaile a mheas. Ceadáíonn an ríomhaire duit comparáid a dhéanamh idir an costas a bhaineann le húsáid na bhfearas ar bhealaí éagsúla (e.g. níochán ag 40°C i gcomparáid le níochán ag 60°C). Feicfidh tú freisin an toradh a bhíonn ar úsáid fearas ar bhealaí éagsúla (nuair a úsáideann tú pláta te beag ar an sorn i gcomparáid le pláta níos mó).

Seo thíos leidí úsáideacha faoin gcaoi a bhféadfá cabhrú le fuinneamh a chaomhnú ar fud an tí.

Leidí faoi théamh uisce

Agus tú ag téamh uisce in do theach, níor mhiste duit a bheith san airdeall ar roinnt pointí tábhachtacha chun a chinntiú nach bhfuil tú ag úsáid fuinnimh gan riachtanas.

- Úsáid lasc Am-Rialaitheora le do thanc uisce te a théamh.
- Ní úsáideann an gnáth-chithfholcadh ach an cúigiú cuid den bhfuinneamh atá riachtanach le dabhach folctha lán a théamh.
- Is féidir comhla measctha teirmeastait a úsáid chun an t-uisce a choinneáil ag an teas céanna gach uair a gcuirtear an cithfholcadh ar siúl.
- Tá sconnaí le soc spréite i bhfad níos spárálaí le huisce.
- Roghnaigh an cúrsa coigilteach ('Economy') ar do mheaisín níochnáin agus do niteoir soithí nuair nach bhfuil siad luchtaithe go hiomlán. Agus roghnaigh an teocht is ísle atá molta ag an déantóir.
- Ná fág sconnaí ag sileadh nó ag doirteadh gan riachtanas, choíche.



Tig leat suas le 30% in aghaidh na seachtaine de chostas reatha mheaisín níochnáin a shábháil nuair a nitear éadach ag 40°C in ionad ag 60°C.

Ag laghdú costais sa chistin

- Ag líonadh an chiotail duit, ná fiuch ach an méid uisce atá uait.
- Nuair is féidir é, cuir clár ar an sásan agus féach chuige go bhfuil an pláta te clúdaithe.
- Déanann fearais speisialtóireachta nach bhfuil chomh mór – leithéidí tóstaeirí agus casaróil leictreacha - bia a chócaireacht ar bhealach tíosach.
- Tá oigheann micreathonnach an-oiriúnach le codanna beaga a atéamh agus is éifeachtaí go mór iad ná soirn ó thaobh fuinnimh de i gcomhair an chineáil seo úsáide.
- Ag úsáid sorn leictreach duit, féach chuige go bhfuilid á úsáid i gcomhair cúpla rud seachas aon tsoitheach amháin. Is oiriúnaí fean-shoirn do chócaireacht ilshoitheach mar go roinneann siad an teas go cothrom.



Tig leat suas le 45% a shábháil má dhéanann tú do chuid cócaireachta ar phláta te beag seachas ar phláta mór.



Tá caomhnú fuinnimh ina steillbheatha



Leidí faoi shoilsiú

Tá costas soilsithe ar cheann de na nithe is mó tionchar ar bhille leictreachais an tí. Tig leat cuid mhaith a shábháil ach bolgáin solais fadsaolach a roghnú mar mhalairt ar bholgáin traidisiúnta.

- Seans go gcosnódh DLúthlampaí Fluaraiseacha (Compact Fluorescent Lamps/ CFLs) beagáinín níos mó ná na gnáthbholgáin ach d'fhéadfaidís suas le €170 a shábháil duit i rith saol-ré an bholgáin.
- Maireann DLúthlampaí Fluaraiseacha 15 n-uaire níos faide ná na gnáthbholgáin solais.
- Úsáid bolgáin solais CFL 11 watt i gcomhair solas slándála oíche mar go gcosnaíonn sé níos lú ná €6.35 sa bhliain.



Tig leat suas le 80% de do chostais solais a shábháil ach bolgáin CFL a úsáid in ionad gnáthbholgáin.

Leidí faoi theas baile

Is gairid go mbeidh ar gach teach a rangú fuinnimh féin a bheith aige nuair a bheifear á dhíol nó á ligean. Tá seo ag teacht leis an reachtaíocht Eorpach nua a bhfuil sé d'aidhm aige gach foirgneamh a dhéanamh níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de... téigh go dtí www.sei.ie i gcomhair breis eolais... d'fhéadfadh na leidí seo a leanas difríocht mhór a dhéanamh:

- Timpeallaigh do shorchóir uisce te le togha an dínfholaigh, 80mm ar tiús agus sábháil suas le 30% ar do chostais téite uisce.
- Má tá an teach á athchóiriú agat nó ag cur píosa leis, úsáid gach a bhféadfaidh tú de chosaint teasdhíonach.
- Má tá tú ag cur fuinneoga nua isteach i do theach, cuir gloine dhúbailte isteach.
- Laghdaigh séideáin faoi dhoirse le díonmhairí gaoithe.

Roghnaigh fearais ‘A’ rátaithe

Ní mór lipéad a léiríonn rátú fuinnimh a bheith ar gach táirgeadh níocháin - éadaigh nó gréithe - agus cuisneora ar díol i stórtha in Éirinn. Taispeáineann sé seo an t-ídiú fuinnimh atá ag gach fearas, á rátú ó A go G agus A ar an gceann is éifeachtaí ó thaobh fuinnimh.



Múch – ná fan ar aire

Úsáideann trealamh leictreach roinnt leictreachais nuair a fhágtar ar aire é nó fiú agus é múchta. Mar shampla, úsáideann luchtairé gutháin a fhágtar plugáilte sa bhalla roinnt leictreachais fiú nuair atá sé lánluchtaithe agus díomhaoin. I ngnáth-theach cónaithe is ionann agus 10% den leictreachas iomlán a ídítear an méid a chailltear i bhfearais ar aire. Mar sin, nuair nach bhfuiltear in úsáid, múch ar fad agus bain as fearas aon uair is féidir.



Iniúchadh Fuinnimh

I gcúpla nóiméad tig leis an Iniúchadh Fuinnimh atá ar fáil ag www.esb.ie/energyaudit tuairisc éifeachta fuinnimh phearsanta a thabhairt duit ar conas a d'fhéadfá costais fuinnimh a laghdú.

Eolas caomhnaithe fuinnimh

Chun breis eolais faoi chaomhnú fuinnimh, teigh chuig www.esb.ie/home

Cad a déarfá le turas ar an tSionainn?

Maidir le do chéad saoire eile, conas a dtaitneodh sé leat a bheith ar do sháimhín só, gan áird agat ar an saol agus tú ag bádóireacht ar an tSionainn ar chúrsóir sómasach le Emerald Star Magnifique? Tá **turas seachtaine** á thairiscint againn agus chun go mbeadh seans agat buachan, níl le déanamh agat ach an fhoirm thíos a líonadh agus a chur ar ais roimh an **30ú Samhain 2007** go dtí An Comórtas Caomhnaithe Fuinnimh, Soláthar Custaiméara BSL, Bosca Poist 5305, Baile Átha Cliath 2. Nó más mian leat, d'fhéadfá iontráil ar-líne ach dul chuig **www.esb.ie/energycomp**



DE ROGHA AIR SIN AGUS DO CHUSTAIMÉIRÍ SOLÁTHAR CUSTAIMÉARA BSL AMHÁIN

Sábháil 10% ar aon turas le Emerald Star má dhéanann tú áirithint roimh an **31ú Deireadh Fómhair 2007**. Chun an deis seo a thapú, glaoigh ar 071 9627690 agus luaigh d'Uimhir Chuntais Chustaiméara.



Ainm: _____

Seoladh: _____

Teileafón: _____

Ríomh-phost: _____

Uimhir Chuntais Chustaiméara:

(Gheobhaidh tú seo ag barr do bhille)

- -

An bhfuil níochán ag 40°C níos eacnamaí ná níochán ag 60°C?

Tá Níl

Criochnaigh an abairt seo a leanas i 12 focal nó níos lú:

Tig liom caomhnú fuinnimh a thabhairt chun beatha trí _____

Téarmaí agus coinníollacha: Ag brath ar infhaighteacht. Níl airgead mar rogha. Sé an 30ú Samhain 2007 an dáta deiridh a nglacfar le hiontrálacha. Caithfidh an buaiteoir a bheith os cionn 18 bliana agus aontú le coinníollacha ligin Emerald Star, ar a n-áirítear tarscaoileadh árachais damáiste NÓ árachas tarscaoilte inaisíochta agus taisece slándála. Ní ceadmhach ach iontráil amháin don chomórtas in aghaidh gach cuntas le Soláthar Custaiméara BSL. Sé Port Uмна, Contae na Gaillimhe an bhunáit imeachta agus fillte. Caithfidh an buaiteoir an duais a ghlacadh faoin 31ú Deireadh Fómhair 2008. Tá díosal mar chuid den duais. Tá an liosta iomláin Téarmaí agus Coinníollacha ar fáil ach scríobh chuig Soláthar Ccustaiméara BSL, Sráid Mhic Liam Iochtarach, Baile Átha Cliath 2.